An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0050/2023**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna,
na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus
Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis do Mhúinteoirí Cláraithe atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna Aitheanta

De bhun na cumhachta atá in alt 24 den Acht Oideachais (arna leasú), ordaíonn an tAire Oideachais d'fhostóirí na rialacháin agus na nósanna imeachta atá luaite sa Chiorclán seo a chur chun feidhme do mhúinteoirí cláraithe atá fostaithe i bpoist teagaisc cheadaithe a chistítear le hairgead ón Oireachtas.

Ní mór do gach fostóir agus do gach múinteoir cloí leis na téarmaí agus coinníollacha comhaontaithe atá luaite, le héifeacht láithreach.

Cinntigh go dtarraingeofar aird na mball uile den Bhord Bainistíochta/de Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus aird na múinteoirí uile atá fostaithe agat, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead, ar a bhfuil sa Chiorclán seo.

Ba cheart gach ceist a chur ar dtús ar an bhfostóir, ar féidir go mbeidh sé ag iarraidh dul i gcomhairle lena eagraíocht ionadaíoch ina leith. Féadfar aon cheisteanna eile a chur ar an Roinn ach ríomhphost a chur chuig na seoltaí seo a leanas:

a) Ceisteanna maidir leis na téarmaí agus coinníollacha do Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis:- teachersna@education.gov.ie
b) Ceisteanna maidir le saoire a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne:- onlineclaims@education.gov.ie
c) Ceisteanna maidir le tuarastal:- Foirm Fiosrúcháin Párolla (education.gov.ie)

Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag www.gov.ie.

**James Walsh**
**Príomhoifigeach**
**An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha - Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta**

**27 Meán Fómhair 2023**

## Clár Ábhar


**Sainmhínithe agus Giorrúcháin ........ 3**

**1. Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis ........ 4**

**2. Incháilitheacht chun Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis ..... 4**

**3. Teidlíocht chun Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis ........ 4**

**4. Socruithe le linn a bheith ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis ........ 4**

**5. Nósanna Imeachta Iarratais ........ 4**

**6. Saoire a Thaifeadadh ........ 5**

**7. Stádas le linn Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis ........ 6**

**8. Múinteoir Ionaid ........ 6**

**9. Fostaíocht le linn a bheith ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis ........ 6**

**10. Teidlíochtaí Saoire do Cheapacháin Téarma Shocraithe/Chuspóra Shocraithe ........ 6**

**11. Cosaint Sonraí ........ 6**

**12. Comhlíonadh ........ 6**

**Aguisín A - Iarratas ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis....... 7**

## Sainmhínithe agus Giorrúcháin

Chun críocha an Chiorcláin seo, beidh an bhrí a shanntar dóibh anseo leis na téarmaí seo a leanas, ach amháin i gcás go léiríonn an comhthéacs a mhalairt:

**Comhchónaitheoir** – ciallaíonn sé seo duine amháin de bheirt aosach (cibé acu an den ghnéas céanna nó den ghnéas eile) a chónaíonn le chéile mar lánúin i ndlúthchaidreamh tiomanta agus nach bhfuil gaolmhar le chéile de réir na gcéimeanna gaoil toirmiscthe nó atá pósta le chéile nó ina bpáirtnéirí sibhialta dá chéile.

**Fostóir** – i gcás gairmscoileanna/coláistí pobail agus pobalscoileanna náisiúnta, ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna agus, i gcás bunscoileanna (seachas pobalscoileanna náisiúnta), meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha, ciallaíonn sé seo Bord Bainistíochta/Bainisteoir. Féadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna nó an Bord Bainistíochta/an Bainisteoir freagracht as nithe atá leagtha amach sa Chiorclán seo a tharmligean, de réir mar is cuí.

**ETB** – ciallaíonn sé seo Bord Oideachais agus Oiliúna a bunaíodh faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus a rialaítear dá réir.

**An Córas Éileamh ar Líne** – ciallaíonn sé seo an córas a úsáidtear chun neamhláithreachtaí a thaifeadadh agus chun ionadaíocht a éileamh. Tá an córas i bhfeidhm i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha faoi láthair.

**Pámháistir** – ciallaíonn sé seo an eagraíocht atá i gceannas ar thuarastail a íoc. Is í an Roinn Oideachais an pámháistir i gcás múinteoirí i mbunscoileanna (lena n-áirítear i bpobalscoileanna náisiúnta), i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha, agus is iad na Boird Oideachais agus Oiliúna an pámháistir i gcás múinteoirí i mBoird Oideachais agus Oiliúna/i ngairmscoileanna/i gcoláistí pobail.

**Scoil Aitheanta** – ciallaíonn sé seo scoil atá aitheanta ag an Aire Oideachais de réir alt 10 den Acht Oideachais, 1998.

**Múinteoir** – ciallaíonn sé seo duine atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

**An Roinn** – ciallaíonn sé seo an Roinn Oideachais.

## 1. Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis

1.1 Is le I.R. Uimh. 341 de 2023, an tOrdú fán Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023, arna leasú, a rialáiltear Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis.

1.2 Tá múinteoir i dteideal iarratas a dhéanamh ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis, ar cineál saoire speisialta reachtúla gan phá í, chun cúram a thabhairt dóibh sin atá liostaithe i mír 2.1 thíos. Is cineál nua teidlíochta saoire reachtúla í. Tá sí sa bhreis ar na teidlíochtaí reachtúla atá ann cheana i leith Saoire Cúramóra agus Saoire Force Majeure agus ar an teidlíocht neamhreachtúil i leith Saoire de dheasca Breoiteacht sa Teaghlach.

## 2. Incháilitheacht chun Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis

2.1 Féadfaidh múinteoir iarratas a dhéanamh ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis chun cúram pearsanta nó tacaíocht phearsanta a thabhairt do na daoine seo a leanas leis/léi ar chúis thromchúiseach leighis:

- Leanbh (lena n-áirítear uchtleanbh, leasleanbh agus leanbh a bhfuil aire á tabhairt dó/di ar bhonn 'in loco parentis')
- Céile nó páirtnéir sibhialta
- Comhchónaitheoir
- Tuismitheoir nó seantuismitheoir
- Deartháir nó deirfiúr
- Comrádaí tí (Duine a chónaíonn san aon teach amháin leis an múinteoir, seachas iad sin atá liostaithe thuas)

## 3. Teidlíocht chun Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis

3.1 Cuimsíonn Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis lá scoile amháin nó níos mó, ach ní mór nach mó í ná cúig lá scoile ar a mhéad i dtréimhse 12 mhí as a chéile.

## 4. Socruithe le linn a bheith ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis

4.1 Maidir le múinteoir atá as láthair ar aon chineál eile saoire reachtúla nó neamhreachtúla, ní fhéadfar Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis a dheonú dó/di in ionad na saoire sin.

4.2 Is ionann neamhláithreacht ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis ar feadh cuid de lá scoile agus neamhláithreacht ar feadh lá scoile iomlán.

## 5. Nósanna Imeachta Iarratais

5.1 Ní mór ceadú an fhostóra a iarraidh i leith Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis.

5.2 Ceanglaítear ar mhúinteoir a bhaineann leas as Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis an Fhoirm Iarratais in Aguisín A a ghabhann leis an gCiorclán seo a chomhlánú. Ba cheart an Fhoirm Iarratais a chomhlánú agus a chur isteach chuig an bhfostóir a luaithe is indéanta le réasún sula mbainfear leas as saoire den sórt sin nó tar éis leas a bhaint aisti. Ní fhéadfaidh fostóir glacadh le hiarratas ar Shaoire

Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis ach amháin tráth na breoiteachta nó na díobhála.

5.3 I gcás go bhfuil múinteoir fostaithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna, is féidir go mbeidh saoráid ar líne ann chun iarratas a dhéanamh ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis, in ionad an Fhoirm Iarratais in Aguisín A a chomhlánú.

5.4 Ba cheart don fhostóir é féin a shásamh go bhfuil údar iomlán ann leis an iarratas ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis sna himthosca agus go bhféadfar í a dheonú. Féadfaidh fostóir, dá rogha féin, doiciméid tacaíochta, amhail litir leighis, a iarraidh chun tacú leis an iarratas ón múinteoir. Ní gá cineál an reachta leighis a lua sa litir leighis. Ní gá ach ráiteas fíorais a dhéanamh inti á rá go bhfuil, nó go raibh, cúram suntasach nó tacaíocht shuntasach ag teastáil ón duine ar chúis thromchúiseach leighis.

5.5 Ní mór don fhostóir admháil i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir lena ndeimhnítear go bhfuarthas an t-iarratas ar shaoire agus lena ndeimhnítear an cinneadh uaidh an iarraidh a cheadú/diúltú don iarraidh. I gcás go ndiúltófar d'iarratas, ní mór don fhostóir na forais leis an diúltú a chur ar áireamh sa chinneadh uaidh.

## 6. Saoire a Thaifeadadh

6.1 Tar éis don fhostóir Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis a cheadú, ní mór don fhostóir an neamhláithreacht a thaifeadadh ar bhealach tráthúil ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

6.2 I gcás scoileanna a úsáideann Córas Éileamh ar Líne na Roinne, taifeadtar Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis faoi 'Saoire Phearsanta' agus ansin faoin bhfochatagóir 'Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis'.

6.3 **Socruithe eatramhacha le haghaidh Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne**

a) Tá "Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis" fós á forbairt sa Roinn agus an ciorclán seo á fhoilsiú.
b) Beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas go dtí go mbeidh an chatagóir "Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis" ar fáil ar an gCóras Éileamh ar Líne:-

i. Seol ríomhphost chuig teachersna@education.gov.ie
ii. Ba cheart an méid seo a leanas a lua i líne ábhair an ríomhphoist: "Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis: Socrú Eatramhach"
iii. I gcásanna den sórt sin, ní mór don fhostóir na mionsonraí seo a leanas a sholáthar don Roinn, ionas gur féidir le Baill Foirne na Roinne an tsaoire a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne:

- Ainm an mhúinteora
- Uimhir PSP an mhúinteora
- Uimh. rolla na scoile ina bhfuil an múinteoir fostaithe faoi láthair
- Dáta tosaithe agus dáta deiridh na neamhláithreachta.

## 7. Stádas le linn Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis

7.1 Meastar múinteoir atá ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis, chun gach críche, a bheith fostaithe ag an am sin, seachas chun críche luach saothair agus chun críche aoisliúntais. Is ináirithe go hiomlán atá Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis chun críocha sinsearachta agus dul chun cinn ar an scála tuarastail bhreisíoch.

## 8. Múinteoir Ionaid

8.1 Féadfaidh an fostóir múinteoir ionaid a cheapadh, ar duine é/í a n-íocfaidh an Pámháistir leis/léi ar feadh thréimhse na saoire. Ní mór don fhostóir é sin a thaifeadadh ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann.

## 9. Fostaíocht le linn a bheith ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis

9.1 Ní fhéadfaidh múinteoir atá ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis gabháil d'aon chineál teagaisc ná d'aon chineál fostaíochta íoctha eile.

## 10. Teidlíochtaí Saoire do Cheapacháin Téarma Shocraithe/Chuspóra Shocraithe

10.1 Aon mhúinteoir atá ar chonradh fostaíochta téarma shocraithe/cuspóra shocraithe, beidh lánteidlíochtaí aige/aici i leith Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis le linn théarma an chonartha. I gcás go ndeonófar nó go dtógfar saoire den sórt sin, ní dhéanfar aon difear don cheapachán téarma shocraithe/cuspóra shocraithe ná do cheapachán den sórt sin a athnuachan.

## 11. Cosaint Sonraí

11.1 I dteannta na dtaifead pearsanra lena mbaineann, ní mór don fhostóir na doiciméid uile a bhaineann le neamhláithreacht an mhúinteora ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis a choinneáil in áit shlán shábháilte agus ar aon dul le beartas cosanta sonraí an fhostóra agus leis na rialacháin chosanta sonraí. Féadfar na taifid sin a roghnú lena n-iniúchadh ag oifigigh ainmnithe de chuid na Roinne.

## 12. Comhlíonadh

12.1 Is faoi na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe a fhéadfar déileáil le haon mhainneachtain cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chiorclán seo agus is féidir go scoirfear de thuarastal a íoc le múinteoir nó go dtarraingeofar cumhdach ionaid siar do scoil dá bharr sin.

## 13. An tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe

13.1. Tá an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe ar fáil mar acmhainn thacúil do bhaill foirne scoile agus soláthraíonn sí comhairle ar raon saincheisteanna éagsúla, lena n-áirítear folláine, cúrsaí dlí, cúrsaí airgeadais, méala, coinbhleacht agus idirghabháil.Is é 1800 411 057 uimhir na líne cabhrach Saorghlao rúnda tiomnaithe agus bíonn sí ar fáil 24 huaire sa lá, 365 lá sa bhliain.  Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach An tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna aitheanta.

## Aguisín A - Iarratas ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis

**Ba cheart an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán agus a chur isteach chuig an bhfostóir a luaithe is indéanta le réasún tar éis na neamhláithreachta.**

### CUID 1A – IARRATAS AN MHÚINTEORA

Ainm an Mhúinteora: ______________________ Uimhir Theagmhála: ___________

Seoladh Baile: __________________________________________________________

Seoladh Ríomhphoist: ____________________________________________________

UPSP: _________________________________________________________________

Ainm na Scoile: ________________________________ Uimhir Rolla: _____________

### CUID 1B – MIONSONRAÍ FAOIN tSAOIRE

Dáta tosaithe: _________ Dáta críochnaithe: __________ Fad ama (Laethanta): _____

An líon laethanta de Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis a tógadh sa 12 mhí seo a chuaigh thart: _____

Déanaim iarratas leis seo ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis ar an gcúis seo a leanas:-

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**Dearbhú**
Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis de réir Chiorclán 0050/2023. Deimhním gur fíor agus cruinn atá an fhaisnéis atá tugtha san iarratas.

Níor sháraigh mé mo theidlíocht i leith Saoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis atá mionsonraithe i gCiorclán 0050/2023.

Síniú an Mhúinteora: ___________________________ Dáta: ________________

**Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí**

Is é an príomhchuspóir ar ina leith a cheanglaíonn an Roinn ort na sonraí pearsanta sin a thabhairt do d'fhostóir ná chun cabhrú le d'iarratas ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis a phróiseáil. Coinneoidh d'fhostóir d'fhoirm iarratais agus do dhoiciméid tionlacain i gcomhréir lena bheartas Cosanta Sonraí. Beidh tuilleadh faisnéise maidir leis an mbeartas sin ar fáil ach í a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an Fógra Príobháideachta ina dtugtar tuilleadh faisnéise maidir leis an bhFoirm Iarratais seo a fháil ag gov.ie. Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas Cosanta Sonraí na Roinne ar fáil ag gov.ie, áit a leagtar amach an dóigh a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta agus a dtugtar faisnéis maidir leis na cearta atá agat mar ábhar sonraí. Tá mionsonraí faoin mbeartas sin ar fáil i gcóip chrua freisin ón seoladh seo ach iad a iarraidh: An Rannán Téarmaí agus Coinníollacha - Múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659. Is féidir iad a iarraidh freisin ach ríomhphost a sheoladh chuig teachersna@education.gov.ie.

## CUID 2 – AN CINNEADH ÓN bhFOSTÓIR

Deimhním gur cheadaigh mé an tSaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis/gur dhiúltaigh mé don tSaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis de réir Chiorclán 0050/2023. Coinníodh na doiciméid seo a leanas ar comhad chun críocha iniúchóireachta:

1) Iarratas ar Shaoire Neamhíoctha chun Críocha Cúram Leighis faoi Chiorclán 0050/2023 ☐

2) Cóip den Fhógra Cinnidh arna eisiúint chuig an múinteoir ☐

Taifeadadh Saoire Neamhíoctha cheadaithe chun Críocha Cúram Leighis ar an gCóras Éileamh ar Líne/ar chóras an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann. ☐

Síniú: ________________________________ Dáta: ____________________
(Fostóir)

***NÍOR cheart an Fhoirm Iarratais/Doiciméid Tacaíochta a chur isteach chuig an Roinn Oideachais. Ba cheart iad a choinneáil sa scoil/sa Bhord Oideachais agus Oiliúna mar aon le haon doiciméid ábhartha eile chun críocha taifid a choinneáil agus chun críocha iniúchóireachta i dteannta na dtaifead pearsanra lena mbaineann.***